

SEANCHUS AR LOCH COIRB.

Ins a sean tsaoghal in aimsir na bhFiannaibh ba talamh a bhí san áit a bhfuil Loch Coirb anois. Bhí bruscar coille ann corr droighean agus driseacha mar tá le feiceal ar thaobh Uactar Árd fós ba mhór an áit fiadach é agus bhí go leor de na Fiannaibh ina gcomhnaidhe timcheall na háite. Bhí fearaer agus badh é an t-ainm a bhí air Ball Dubh. Bhí coileán aige agus bhí a cháil ar fud an domhain mar gheall ar a neart. Tháinig gaisgidheach as an nGréig le briseadh a cur ar na Fiannaibh, sé sin a gcuid coileán a marbhú mar bhí coileán aige a raibh buadh aice agus níorbh fhéidir í a mharbhú go nglaoidhfíde ar an gcoileán a bheadh a troid léithe a hainm in-aghaidh sloinnidh bhí sé a deanamh ar Ghaillimh le coileain Bhall Dubh a mharbhú agus cheap sé go mbhfrusta dhó an láimh invachtar fhaghail ar an gcuid eile de choileáin na hÉireann agus níor fead sé aon bhriseadh a cur ar na Fiannaibh níor mó ná a gcuid coileán a marbhú mar is le fiadhach a bhíodar a teacht suas.

Nuair a tháinig sé go Gaillimh beigin do Ball Dubh a coileán a cur a troid leis an gcoileán seo ón nGréig biodar a troid go raibh an lá a guil ar gcúl leag coileán na Gréige coileán Bhall Dubh agus bhí greim dúdáin aice uirthi. Nuair a chongail Fionn a bhéar agus fuair sé fios go raibh buaidh aice agus dubhairt sé “cuir agus corr” í an coileán (ainm in aghaidh sloinnidh) deirigh coileán Ball Dubh fuair sí greim dúdáin choilean na Gréige agus níor leig sí amach a greim gur thacht sí í.

Bhí brón mór ar ghaisgidheach na Gréige i ndiaidh a coileain agus dubhairt sé marach fios Finn as a mhéir, bheadh mo choileán con lionn féin ar mais do Ghréig. Dimtigh sé agus fuaidh sé ar ais do Ghréig agus dfág sé an coileán marbh ina dhiaidh. Bhí meas agus cainnt ar choileán Ball Dubh ar fud na hÉireann léis an gnímh a rinne sí.

Sgathamh gearr ina diaidh sin cuaidh Ball Dubh amach ag fiadhach agus dabhrúigheadh siad gur dream an druiseamhail a bhí is na Fainnaibh mar chionntuigh Fionn leis an eilit chionntuigh Ball Dubh leis an gcúl-le na coileán. Sgathamh ina dhiaidh sin chonnaic sé go raibh an coilean ag fás an bhríoghmhar. Tháinig faitchios agus náire air go mba uaidh féin é. Chuir sé an coileán faoi ghéibhean nós nach bhfeicfeadh aon duine í. Lá mar bí sé amuic a fiadhach dfhiafrúigh duine de na Fiannaibh dhe cé raibh a choileán dubhairt sé go raibh sórt tinnis eicint uirthi. Bhí seanfhear i measg na (bh) Fiannaibh agus dubhairt sé go raibh tobar i measg cnuic Conmara agus dá dtiubhradh sé chun an tobair í agus roinnt den uisge a thabhairt le n’ól dí go leigeasfadh sé í.

Ní raibh ag teastáil uaidh ach leithsgeal imteacht leis an gcúl agus dimtigh sé i lár na hoidhche nó go bhfuair sé gleann uaigheach agus stop sé annsin go mbeadh cuain aice ach séard a thug sí ar an saoghal páiste ingean. Bhí an páiste có breagh agus gur thug sé grádh dí agus ba crádh croidhe leis í a mharbhú mara marbhadh sé an páiste chaithfeadh sé an cú a marbh. Má tiubharaim an cú abhaile liom feicfidh na daoine go bhfuil bainne aice mharbhuigh sé an cú agus chuir sé go domhain i dtalamh í.

Thug sé an páiste abhaile leis agus séard dubhairt sé leis na daoine nuair a connaic siad an páiste aige-ba mhaith leo fis fhágailt cé bhfuair sé í agus dubhairt sé go bhfaca sé iolra ar thaobh crocan ina chodladh d'éaluigh sé ar nú go marbhuigh sé é le na claimhe. Nuair abhí sé tarrngt a claimhe le na bhualadh rinne an claimhe torran agus dhéirigh an tiolra, chuaidh sé de eilteóg 'san aer agus fuair sé an naoidhneán faoi. Ghlac na Fiannabh sin uaidh, shileadar gurb í an fhírinne í. Chuir sé sgéaladh amach fud na tíre feuchaint ar chaill duine ar bith naoidhneán ach ní bhfuair sé duine ar bith bhí ar thóir a leithide. Chuir sé an páiste ar oileamhaint go ceann chúig bhliana agus bhí sé ina sutaire mór láidir an t-am sin. Thug sé abhaile í agus fuair sé baistigh í agus sé'n tainm a thug sé uirth Corabú. D'éirigh sí suas agus nuair abhí sí dhá bhliadhana déag ní raibh aon bhean i nÉirinn ba mú, ba bhreaghtha ná ba láidre ná í. Ins an am seo bhí Mac Rí na Spáinne i nGaillimh bhí caisleán aige san áit a bhfuil lár Loch Coirib anois.

Thuit sé i ngrádh le Corabú agus d'iarr sé ar a hathair –Ball Dubh í le pósadh. “Mo chrádh agam” a dubhairt Ball Dubh má fhéudainn fear a bith fhágailt le m'ingean níos ardnósacháí ná Mac Rí na Spáinneach. Thug sé le pósadh dó í. Sé an socrughadh bhí eattorra nach luighfeadh siad le chéile go ceann míosa. Phós siad agus thug sé leis í ina pharlús. Níor chuala tú ná aon dhuine eile ariamh torran a bith ba mhú ná bhíodh ins i gcisteanach a chaisleáin chuile oidhche. Thosuigh na searbhannta ag imteacht uaidh. Chuaidh an cócaire chomh fada leis agus dubhairt sé nach bhféudfadh sí fanacht sa gcaisleán níos fuide. D'fhifruigh sé dhí cé'n fágá bhí na searbhannta bheith ag imteacht uaidh. “Tá siad ag imteacht a Thighearna” ar sise mar gheall ar an torran atá sa gcisteanach ó tháinig an bhean uasal seo an do caisleán.” “Fan” ar seisean”go ngabhfa mise a faire go mbeidh fhios a'm cé'n tugdar a tá leis a torran.”

Chuaidh sé go dtí an chisteanach an oidhche sin agus chuir sé é fein i bhfolach. Tuairim an mheadhan oidhche chuala sé an torran ag méasaí agus ag plátaí agus potaí a dhul thrí na chéile. Chuir sé a cheann amach agus céurd a dfeicfeadh sé ach a bhean a liathchán (ligheachán) na bplátaí agus na méasaí le na teanga. Dfan sé san áit a raibh sé nú gur imtigh sí as a gcisteanach 'gus chuaidh sé amach na diadh. D'innis sé an sgéula ar maidin go fhear glic abhí san áit agus séurd dubhairt an fear glic go raibh mianach an mhada innte.

Chuir sé fios ar Bhall Dubh agus thug sé isteach an ingean ní raibh sa seomra ach an triúr aca. Tharring sé amach a claimhe agus dubhairt sé le Ball Dubh “ní fhágfhaidh tú seo go mbainfhidh mise an ceann diot mar a ninniseocaidh tú dhom cén nós a dtáinig an bhean seo.” B'éigin dhó innseacht dhó arsa Mac Rí na Spáinneach “ní bheidh sí na bean a'm sa mar nach maith liom faice dhe mhianach an mhada a bheith mo Thighealach.” “Cé'n neart atá agam sa ar” arsa Corabú. “Tá fhios agam nach bhfuil ar seisean. “Tiubhrfhaidh mise an caisleán seo dhuit mar bhronntanas agus gabhfaidh mé féin ar ais don Spáinn. Ach tabhair dhomsa an fáinne pósta a thug mé dhuit.” “Ní thiubhrfhadh” ar sise. Rith sé uirth go ngeobhfhadh sé greim uirthi, go mbainfheadh sé an fáinne dhi. Rith sí uaidh chuaidh sí amach agus chaith sí an fáinne i dtobar mór domhain abhí taobh amuigh le balla an chaisleáin.

Nuair a chaith sí an fáinne sa tobar d'éirigh an tuisge thar bruach agus líon sé an phláinéad, díslich an talamh agus rinne sé Loch Corraib. Is minic a chuala mé ag na sean dhaoine. "Bláthn Rí abhí, Gaillimh atá, agus beag Árainn a bheidheas." Deir siad go mbeidh Gaillimh san áit a bhfuil sé agus nach baoghal anachain a bith dó nú go leagfhaidh duine saoghalta a láimh ar an bhfáinne.

Seo é an nós a ngeobhfar é tóigfhidh breac an fáinne, mór bradán no breac geal no eascan é. Níl fhios cé'n áit a marbhóchar an breac seo. An ins an loch no ar an bhfarrige mór é. Nuair a hoslóchar an breac geobhfar an meall ina ghoile agus chomh luath agus leagfhas duine a láimh ar an bhfáinne pléasgfaidh an loch agus eirigeóchaidh an talamh atá fútha agus ní fhágfhaidh an tuisge cloch as cionn cloch i gCathair na Gaillimhe long ná bád nach gcartfhaidh sí léithe amach sa bhfarraige agus léise sin eirighóchaidh Beag Árainn.

Chuala Seán an sgéal seo ag Tomás Daibhín a bhíodh ina chomhnaidhe i nIorruis Fhlannáin cuid de ag Daibhín cuid de agá n-a athair féin Labhrás Mhac Con Fhaola agus cuid ag daoine eile.

7/12/32.